



An Bhruiséil, 8 Aibreán 2026
(OR. en)

7990/26

DELECT 66
PECHE 118

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	7 Aibreán 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 2111 final
Ábhar:	RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an 7.4.2026 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 a mhéid a bhaineann le bearta caomhnaithe ar an láithreán Nordvästra Skånes havsområde in Kattegat

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 2111 final.

Faoi iamh: C(2026) 2111 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséal, 7.4.2026
C(2026) 2111 final

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 7.4.2026

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 a mhéid a bhaineann le bearta caomhnaithe ar an láithreán Nordvästra Skånes havsområde in Kattegat

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013¹, cumhachtaítear an Coimisiún le gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir le bearta caomhnaithe iascaigh is gá chun go gcomhlíonfaidh na Ballstáit oibleagáidí áirithe faoi reachtaíocht chomhshaoil an Aontais. De réir forálacha ábhartha Treoracha AE maidir le hÉin agus Gnáthóga (an Treoir maidir le Gnáthóga² agus an Treoir maidir le hÉin³), ceanglaítear ar na Ballstáit limistéir chaomhantais speisialta agus limistéir faoi chosaint speisialta a ainmniú faoi seach chun gnáthóga agus speicis atá chun leasa an Aontais a chosaint. Is iad na limistéir sin atá sa líonra éiceolaíoch Eorpach Natura 2000. Ní mór do na Ballstáit na bearta caomhnaithe is gá a bhunú chun cuspóirí caomhnaithe na láithreán a bhaint amach agus bearta iomchuí a dhéanamh chun meathlú na ngnáthóg nádúrtha agus suaithheadh mór na speiceas ar ainmníodh na láithreáin ina leith a sheachaint. Comhfhreagróidh na bearta sin do riachtanais éiceolaíocha na ngnáthóg nádúrtha agus na speiceas atá ar an láithreán, agus féadfaidh bearta a bhaineann le hiascach a bheith san áireamh iontu.

De réir na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí⁴, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun dea-stádas comhshaoil a bhaint amach nó a choinneáil ar bun. Nuair a mheasann na Ballstáit go bhfuil gá le bearta caomhnaithe iascaigh áirithe chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 13(4) den Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, faoi Airteagal 4 den Treoir maidir le hÉin nó faoi Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga, ní mór na bearta sin a ghlacadh i gcomhréir le rialacha an Chomhbheartais Iascaigh (CBI).

Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118⁵ bunaíodh bearta caomhnaithe iascaigh i limistéir áirithe sa Mhuir Thuaidh.

Is láithreán Natura 2000 é Nordvästra Skånes havsområde (SE0420360) a bhfuil forlúí aige leis an anaclann dúlra Skånska Kattegatt. Ainmníodh na limistéir sin chun an mhuc mhara (*Phocoena phocoena*, cód speicis 1351), speicis eile amhail an rón glas (cód speicis 1364) agus 41 speiceas éan, chomh maith le gnáthóga ar ghrinneall na farraige, a chosaint.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lgh. 22–61, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj/eng>).

² Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine (IO L 206, 22.7.1992, lgh. 7-50, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj/gle>).

³ Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le caomhnú éan fiáin (IO L 20, 26.1.2010, lgh. 7-25, <https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2009/147/oj/eng>).

⁴ Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lgh. 19-40, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2008/56/oj/gle>).

⁵ Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 ón gCoimisiún an 5 Meán Fómhair 2016 lena mbunaítear bearta caomhnaithe iascaigh chun an mhuirthimpeallacht sa Mhuir Thuaidh a chosaint (IO L 19, 25.1.2017, lgh. 10-25, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg_del/2017/118/oj).

2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Tá roinnt staidéar déanta laistigh de Nordvästra Skånes havsområde le 10 mbliana anuas, de réir na faisnéise tacaíochta sa mholadh comhpháirteach a chuir Ballstáit na Mara Thuaidh isteach. Maidir leis an muc mhara go sonrach, is iad seo a leanas na príomhshuirbhéanna a rinneadh: (i) SCANS (Flúirse na gCéiticeach Beag sa Mhuir Thuaidh agus sna hUiscí Máguaird), ar suirbhé é a rinneadh agus breathnóirí ar bord; (ii) miniSCANS, aerstaidéir inar úsáideadh aerárthaí uas-sciathánacha; agus (iii) staidéir eile inar úsáideadh satailít chun muca mara a rianú. Na muca mara atá le haimsiú ar an láithreán, is muca mara de phobal Mhuir na Beilte iad, agus bíonn siad le haimsiú ann ó cheann ceann na bliana.

Le linn na tréimhse 2019-2021, rinne an tSualainn comhairliúcháin maidir le bearta caomhnaithe i limistéir mhuirí faoi chosaint a raibh baint ag tionscal na hiascaireachta, ag eagraíochtaí neamhrialtasacha, ag an institiúid mhuirí SLU Aqua agus ag údaráis réigiúnacha leo.

In 2021, chuir an tSualainn an chéad dréacht den mholadh comhpháirteach faoi bhráid Bhallstáit na Mara Thuaidh agus an Choimisiúin.

An 19 Aibreán 2024, chuaigh Ballstáit na Mara Thuaidh i gcomhairle le Comhairle Chomhairleach na Mara Thuaidh maidir leis an moladh comhpháirteach a comhaontaíodh agus, an 7 Meitheamh 2024, d'eisigh Comhairle Chomhairleach na Mara Thuaidh tuairim inar bailíodh le chéile tuairimí thionscal na hiascaireachta agus grúpaí leasmhara eile.

An 6 Samhain 2024, chuir Ballstáit na Mara Thuaidh moladh comhpháirteach faoi bhráid an Choimisiúin maidir le bearta caomhnaithe le haghaidh an láithreáin Nordvästra Skånes havsområde agus é d'aidhm aige an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann a íoslaghdú go ndéanfaí foghabhálacha den mhuc mhara. Áirítear sa mholadh comhpháirteach limistéar cosanta ar aon asbhaint ina bhfuil toirmeasc ar an iascaireacht agus dhá limistéar eile ina bhfuil toirmeasc ar ghléasanna soghluaiste grinnill agus ina bhfuil srian ar iascaireacht le líonta éighníomhacha, spiléir agus faidhclíonta.

Ag an seisiún iomlánach a bhí ag an gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) an 24-28 Márta 2025, rinne sé athbhreithniú ar an moladh comhpháirteach agus tháinig sé ar an gconclúid⁶ go gcuirfeadh an limistéar cosanta ar aon asbhaint deireadh le haon tionchar diúltach a bhíonn ag gníomhaíocht iascaireachta ar an muirthimpeallacht agus go bhféadfadh úsáid feistí fuaimchiaptha na foghabhálacha de mhamaigh mhuirí agus d'éin atá sna criosanna a laghdú. Chuir CETEI ábhair inní in iúl freisin maidir le húsáid feistí fuaimchiaptha a bhaineann le dlús na n-eangach agus leis an mbaol go ndéanfaí muca mara easáitiú óna ngnáthóg. Rinne CETEI tagairt freisin do bheart níos éifeachtaí arb é a bheadh ann toirmeasc a chur ar iascaireacht le líonta sa limistéar. Maidir le hiascaigh áineasa, tháinig CETEI ar an gconclúid go bhféadfadh sé go gcuideofaí le laghdú a dhéanamh ar ghabháil mamach muirí agus éan muirí dá ndéanfaí iascaireacht áineasa le faidhclíonta a shrianadh do na criosanna thuaidh agus theas.

An 17 Meitheamh 2025, chuir Ballstáit na Mara Thuaidh moladh comhpháirteach arna thabhairt cothrom le dáta isteach inar moladh athbhreithniú féideartha ar na bearta in 2027, i bhfianaise na sonraí maidir le foghabhálacha nó i bhfianaise comhairle eolaíoch iomchuí.

⁶ An Coimisiún Eorpach: An tAirmheán Comhpháirteach Taighde, an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach, an 78ú Tuarascáil Iomlánach (STECF-PLN-25-01), Nord, J. agus Doerner, H. eagarthóir(i), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2025, <https://data.europa.eu/doi/10.2760/8733382>, JRC142271.

I mí Dheireadh Fómhair 2025, rinne Ballstáit na Mara Thuaidh soiléiriú breise ar raon feidhme na gceadanna is féidir a dheonú i limistéar Theas Nordvästra Skånes havsområde, chun an moladh comhpháirteach a ailíniú lena fhoráil chomhfhreagrach sa doiciméad tacaíochta.

Chuathas i gcomhairle leis an nGrúpa Saineolaithe um Iascach agus Dobharshaothrú trí nós imeachta i scríbhinn i mí na Nollag 2025.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Achoimre ar an ngníomhaíocht

Is é an príomhghníomhaíocht atá ann na bearta is gá a ghlacadh chun go gcomhlíonfaidh na Ballstáit a n-oibleagáidí faoi dhlí comhshaoil an Aontais.

Bunús dlí

Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 7.4.2026

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 a mhéid a bhaineann le bearta caomhnaithe ar an láithreán Nordvästra Skånes havsområde in Kattegat

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle¹, agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, cumhachtaítear na Ballstáit le bearta caomhnaithe iascaigh a ghlacadh ina n-uiscí, ar bearta iad is gá chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 6 de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle ('an Treoir maidir le Gnáthóga')², faoi Airteagal 4 de Threoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Treoir maidir le hÉin')³ agus faoi Airteagal 13(4) de Threoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí')⁴.
- (2) Le hAirteagal 6 de Threoir 92/43/CEE, ceanglaítear ar na Ballstáit na bearta caomhnaithe is gá a bhunú le haghaidh limistéir chaomhantais speisialta, ar bearta iad a fhreagraíonn do riachtanais éiceolaíoch na gcineálacha gnáthóige nádúrtha sin agus na speiceas sin atá faoi chosaint sna láithreáin sin. Ina theannta sin, leis an Treoir, ceanglaítear ar na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun meathlú na ngnáthóg nádúrtha agus na ngnáthóg speiceas a sheachaint, chomh maith le suaitheadh mór na speiceas ar ainmníodh na limistéir ina leith a sheachaint.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 13(4) den Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, tá na Ballstáit le cláir bearta a ghlacadh chun dea-stádas comhshaoil a bhaint amach nó a choinneáil ar bun, lena n-áirítear bearta um chosaint spásúil a chuireann le líonraí limistéar muirí faoi chosaint atá comhleanúnach agus ionadaíoch, agus lena gcumhdófar go leordhóthanach éagsúlacht na gcomh-éiceachóras, amhail limistéir chaomhantais

¹ IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj/eng>.

² Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj/eng>).

³ Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2009/147/oj/eng>).

⁴ Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2008/56/oj/eng>).

speisialta de bhun Threoir 92/43/CEE, limistéir faoi chosaint speisialta de bhun Threoir 2009/147/CE agus limistéir mhuirí faoi chosaint arna gcomhaontú ag an Aontas nó ag na Ballstáit lena mbaineann faoi chuimsiú comhaontuithe idirnáisiúnta nó réigiúnacha ar páirtithe iontu iad.

- (4) Bunaítear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 ón gCoimisiún⁵ bearta caomhnaithe chun an mhuirthimpeallacht i limistéir mhuirí áirithe faoi chosaint sa Mhuir Thuaidh a chosaint.
- (5) An 6 Samhain 2024, an tSualainn, mar an Ballstát tionscnaimh, in éineacht leis an Danmhairg agus leis an nGearmáin – ag a bhfuil leas díreach bainistíochta san iascach – agus Ballstáit eile na Mara Thuaidh, chuir siad moladh comhpháirteach faoi bhráid an Choimisiúin maidir le bearta caomhnaithe le haghaidh an láithreáin Nordvästra Skånes havsområde agus é d’aidhm aige an riosca a d’fhéadfadh a bheith ann a íoslaghdú go ndéanfaí foghabhálacha den mhuc mhara. Áirítear sa mholadh limistéar cosanta ar aon asbhaint agus dhá limistéar eile ina bhfuil toirmeasc ar ghléasanna soghluaiste grinnill agus ina bhfuil srian ar iascaireacht le líonta éighníomhacha, spiléir agus faidhclíonta.
- (6) Ag an seisiún iomlánach a bhí ag an gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) an 24-28 Márta 2025, rinne sé athbhreithniú ar an moladh comhpháirteach agus tháinig sé ar an gconclúid⁶ go gcuirfeadh an limistéar cosanta ar aon asbhaint deireadh le haon tionchar diúltach a bhíonn ag gníomhaíocht iascaireachta ar an muirthimpeallacht agus go bhféadfadh úsáid feistí fuaimchiaptha na foghabhálacha de mhamaigh mhuirí agus d’éin atá sna criosanna a laghdú. Chuir CETEI ábhair inní in iúl freisin maidir le húsáid feistí fuaimchiaptha a bhaineann le dlús na n-eangach agus leis an mbaol go ndéanfaí muca mara easáitiú óna ngnáthóg. Rinne CETEI tagairt freisin do bheart níos éifeachtaí arb é a bheadh ann toirmeasc a chur ar iascaireacht le líonta sa limistéar. Maidir le hiascaigh áineasa, tháinig CETEI ar an gconclúid go bhféadfadh sé go gcuideofaí le laghdú a dhéanamh ar ghabháil mamach muirí agus éan muirí dá ndéanfaí iascaireacht áineasa le faidhclíonta a shrianadh do na criosanna thuaidh agus theas.
- (7) An 17 Meitheamh 2025, chuir Ballstáit na Mara Thuaidh moladh comhpháirteach arna thabhairt cothrom le dáta isteach inar moladh athbhreithniú féideartha ar na bearta in 2027, i bhfianaise na sonraí maidir le foghabhálacha nó i bhfianaise comhairle eolaíoch iomchuí.
- (8) I mí Dheireadh Fómhair 2025, rinne Ballstáit na Mara Thuaidh soiléiriú breise ar raon feidhme na gceadanna is féidir a dheonú i limistéar Theas Nordvästra Skånes havsområde, chun an moladh comhpháirteach a ailíniú lena fhoráil chomhfhreagrach sa doiciméad tacaíochta. Ós rud é go bhféadfadh na bearta atá beartaithe foghabhálacha de mhamaigh mhuirí agus d’éin mhuirí a laghdú i gcriosanna thuaidh agus theas an láithreáin, measann an Coimisiún go rannchuidíonn siad leis an gcuspóir gabhálacha de thaisme a laghdú agus tionchair dhiúltacha gníomhaíochtaí iascaireachta ar an éiceachóras muirí a íoslaghdú, mar a leagtar amach in Airteagal 2

⁵ Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 ón gCoimisiún an 5 Meán Fómhair 2016 lena mbunaítear bearta caomhnaithe iascaigh chun an mhuirthimpeallacht sa Mhuir Thuaidh a chosaint (IO L 19, 25.1.2017, lgh. 10–25. ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/del/2017/118/oj>)

⁶ An Coimisiún Eorpach: An tAirmheán Comhpháirteach Taighde, an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach, an 78ú Tuarascáil Iomlánach (STECF-PLN-25-01), Nord, J. agus Doerner, H. eagarthóir(i), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2025, <https://data.europa.eu/doi/10.2760/8733382>, JRC142271.

de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí maidir le foghabhálacha muc mara gach bliain agus measúnú a dhéanamh orthu tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2027 agus an Coimisiún a chur ar an eolas faoi thorthaí an mheasúnaithe sin. Aon sonraí maidir le foghabhálacha nó aon sonraí nua iomchuí, lena n-áirítear comhairle eolaíoch, atá ábhartha maidir le húsáid feistí fuaimchiaptha i ndáil le muca mara, ba cheart iad a úsáid chun na bearta caomhnaithe a choigeartú de réir mar is iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 1380/2013.

- (9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 a leasú dá réir sin.
- (10) Tá an Rialachán Tarmligthe seo gan dochar don ghá atá le bearta caomhnaithe breise a theastaíonn chun na forálacha ábhartha de Threoir 2009/147/CE, de Threoir 92/43/CEE agus den Treoir Réime um Straitéis Mhuirí a chomhlíonadh agus do sheasamh an Choimisiúin maidir leis na Ballstáit leasmhara a n-oibleagáidí faoi reachtaíocht ábhartha chomhshaoil an Aontais a chomhlíonadh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe 1(a):

‘(a) i limistéir 1(1) go 1(17), seachas na criosanna foláirimh 1(10.az), 1(11.az), 1(12.az), 1(13.az), 1(14.az) agus 1(15.az) faoi seach, toirmiscfear na gléasanna seo a leanas: trál grinnill (TB), trál bíoma (TBB), trál dobharchú grinnill (OTB), trál otair dúbailte (OTT), trál grinnill dhá bhád (PTB), trál chloicheáin Bhá Bhaile Átha Cliath (TBN), trál séaclaí (TBS), saighean (SX), saighean Dhanmhargach (SDN), eangach shaighne Albanach (SSC), saighean dhá bhád (SPR), saighean báid nó soithigh (SV), ach amháin i gcás gníomhaíochtaí iascaireachta ina n-úsáidtear trál bhíoma agus téada eiteáin dar toise mogalra idir 16 mm agus 31 mm (TBB_CRU_16-31) san iascach traidisiúnta lena ndírítear ar shéaclaí coiteanna (*Crangon spp.*) i limistéir 1(10)(b);’

(b) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe 1(b):

‘(b) ina theannta sin, i limistéir 1(10) go 1(17), seachas na criosanna foláirimh 1(10.az), 1(11.az), 1(12.az), 1(13.az), 1(14.az) agus 1(15.az), faoi seach, toirmiscfear na gléasanna seo a leanas: dreidire báid (DRB) agus dreidire meicnithe, lena n-áirítear dreidire súite (HMD);’

(c) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe 2(b):

‘(b) oibríochtaí iascaireachta i limistéir 2(25) go 2(27) agus 2(29) de Limistéir 2.’

(d) Cuirtear an mhír 7 seo a leanas leis:

‘7. Beidh toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh le heangacha geolbhaigh agus líonta fostúcháin, faidhclíonta agus spiléir (LL, LLD agus LLS), mar a leanas:

- (a) I limistéir 1(16), le linn na tréimhse idir an 15 Samhain agus an 15 Márta gach bliain. Le linn na tréimhse idir an 16 Márta agus an 14 Samhain gach bliain, toirmiscfear iascaireacht le heangacha geolbhaigh agus líonta fostúcháin gan feistí fuaimchiaptha a úsáid go comhuaineach ar cheart dóibh na sonraíochtaí teicniúla agus na coinníollacha úsáide a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/967 ón gCoimisiún(***) a chomhlíonadh.

- (b) I limistéar 1(17), le linn na tréimhse idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig gach bliain. De mhaolú ar an toirmeasc sin, féadfaidh údaráis na Sualainne iascaigh thráchtála a cheadú ar choinníoll go bhfuil an ghníomhaíocht iascaireachta comhoiriúnach do chuspóirí caomhnaithe an chreasa shrianta iascaireachta sin. Beidh ceanglais shonracha ag gabháil leis na ceadúnais sin, amhail úsáid feistí fuaimchiaptha, bailiú sonraí trí cheamaraí nó breathnóirí ar bord, agus/nó srianta geografacha.
- (c) Iascaireacht áineasa ina n-úsáidtear uaslíon sé fhaidhclíon, ar faidhclíonta iad ar a bhfuil dhá oscailt éalaithe chiorclacha atá 75 mm ar a laghad ar trastomhas agus atá suite ar gach taobh den soc-fhoirceann, ceadófar an iascaireacht sin i rith na bliana i limistéir 1(16) agus 1(17).

Déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann athbhreithniú ar na sonraí maidir le foghabhálacha muc mhara gach bliain agus déanfaidh siad measúnú air faoin 31 Nollaig 2027 ar a dhéanaí. Úsáidfead na sonraí maidir le foghabhálacha nó aon fhaisnéis ábhartha, lena n-áirítear fianaise eolaíoch maidir le húsáid feistí fuaimchiaptha i ndáil le muca mara, chun an beart caomhnaithe dá dtagraítear sa mhír seo a choigeartú, de bhun an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 11 agus 18 de Rialachán (AE) 1380/2013.’

(***) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/967 ón gCoimisiún an 3 Iúil 2020 lena leagtar síos na rialacha mionsonraithe maidir le saintréithe comharthaíochta agus cur chun feidhme feistí fuaimchiaptha dá dtagraítear i gCuid A d’Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla (IO L 213, 6.7.2020, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2020/967/oj).

(2) In Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

‘2. Féadfaidh soithí iascaireachta idirthuras a dhéanamh thar limistéir 1(16), 1(17), 2(1) go 2(29), ar choinníoll go gceanglófar agus go stuálfar aon ghléas atá ar bord i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 47 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

3. Maidir leis an luas le linn idirthurais i gcás na soitheach iascaireachta uile nár údaraíodh le hiascaireacht a dhéanamh i limistéir 1(10) go 1(17), lena n-áirítear na criosanna foláirimh 1(12.az), 1(13.az), 1(14.az) agus 1(15.az), faoi seach, ná i limistéar 2(28), 2(29) agus limistéir 4(1) go 4(3), ní bheidh sé níos moille ná sé mhuirmhíle ach amháin i gcás *force majeure*, i gcomhréir le hAirteagal 50(3)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

(3) In Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1, pointe 1(a):

‘ (a) gach soitheach iascaireachta atá i láthair sa limistéar muirí faoi chosaint Bratten agus i limistéir 1(16), 1(17) agus 2(29)’.

(4) Leasaítear Iarscríbhinn I agus II i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7.4.2026

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN